Achoimre ar

Bhearta Bhuiséad 2015

Athruithe Beartais

Achoimre ar

Bhearta Bhuiséad 2015

Athruithe Beartais

Ábhar

Bearta Cánachais	**Lth Uimh A.5**
Cáin Ioncaim	A.5
Muirear Sóisialta Uilíoch	A.5
CBL	A.5
Dleachtanna Máil	A.6
Cáin Ioncaim Eile	A.7
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	A.8
Bearta um Athbhreithniú ar Chánachas Talmhaíochta	A.10
Cáin Chorparáide	A.12
Cáin Choinneála ar Ús Taisce	A.14

Bearta Cánachais a Thabharfar Isteach in 2015

An Beart	Toradh/Costas 2015	Toradh/Costas i mBliain Iomlán
Cáin Ioncaim Méadú ar an mbanda ráta caighdeánach cánach ioncaim de €1,000 ó €32,800 go €33,800 do phearsana aonair singil agus ó €41,800 go €42,800 do lánúineacha pósta ina bhfuil duine amháin ag saothrú Laghdú ar an ardráta cánach ioncaim ó 41% go 40%	-€292m	-€405m
Muirear Sóisialta Uilíoch Beidh ioncaim de €12,012 nó níos lú díolmhaithe. Thairis sin, €0 go €12,012 @ 1.5% €12,013 go €17,576 @ 3.5% €17,577 go €70,044 @ 7% €70,044 go €100,000 @ 8% Ioncam ÍMAT de bhreis ar €100,000 @ 8% Féinmheasúnaithe de bhreis ar €100,000 @ 11% Leathnófar an díolúine ón ráta 7% MUS do shealbhóirí cártaí leighis nach dtéann a n-ioncam comhiomlán thar €60,000 agus íocfaidh siad ráta uasta 3.5% MUS anois. Pearsana aonair atá 70 mbliana d'aois agus níos sine a bhfuil ioncam comhiomlán de €60,000 nó níos lú acu, íocfaidh siad ráta uasta 3.5% MUS.	-€186m	-€237m
CBL **2015 Athruithe i leith Áit an tSoláthair** Ón 1 Eanáir, 2015, muirearófar CBL ar theileachumarsáid agus craoltóireacht thrasteorann AE agus ar sheirbhísí a sholáthraítear go leictreonach thar theorainneacha AE, i mBallstát an tomhaltóra seachas Ballstát an tsoláthraí. Meastar go ngnóthóidh Éire, mar ghlanfhaighteoir, ioncaim	+ €100m in 2015/16; agus €125m in 2017/18	+ €150m ó 2019 ar aghaidh

CBL de €100m in 2015, ag méadú go €150m in 2019.		
Dleachtanna Máil **Cáin ar Tháirgí Tobac** Méadófar an dleacht mháil ar phaicéad 20 toitín de 40 cent (CBL san áireamh) chomh maith le méadú pro-rata ar na táirgí tobac eile, le héifeacht ó mheánoíche an 14 Deireadh Fómhair 2014. Méadófar an dleacht mháil ar thobac chun toitíní a rolladh de 20 cent breise (CBL san áireamh) in aghaidh an mháilín 25g le héifeacht ó mheánoíche an 14 Deireadh Fómhair 2014.	+€53m	+€53m
Dleacht Gealltóireachta Ceadófar, trí achtú an Bhille Gealltóireachta (Leasú), 2013, an Dleacht Gealltóireachta a leathnú chuig oibritheoirí cianda agus chuig malartáin ghealltóireachta chianda in 2015.	+€25m	+€25m
Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) Cuirfear síneadh leis an tréimhse dá mbeidh na faoisimh CCF ar fáil chun feithiclí leictreacha hibrideacha, feithiclí leictreacha hibrideacha plugála, feithiclí leictreacha plugála, agus gluaisrothair leictreacha a cheannach go dtí an 31 Nollaig 2016.	-€3m	-€3m
Síneadh leis an teorainn cháilitheach d'fhaoiseamh ó dhleacht mháil do mhicreaghrúdlanna Leathnófar an faoiseamh speisialta lena laghdaítear de 50% an Cháin Táirgí Alcóil ar bheoracha a tháirgítear i micreaghrúdlanna nach dtáirgítear níos mó ná 20,000 heictilítear in aghaidh na bliana iontu chun go mbeidh feidhm aige maidir le micreaghrúdlanna nach dtáirgítear níos mó ná 30,000 heictilítear in aghaidh na bliana iontu.	-€0.2m	-€0.2m
	-	-

Íocaíocht na Dleachta ar Ola Mhianra a Iarchur Cuirtear iarchur 30 lá ar fáil maidir le dleacht mháil ar ola mhianra. Beidh an beart seo faoi réir ordú tosach feidhme chun a cheadú do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras bailiúcháin. Bainfidh costas do shreabhadh airgid an Státchiste leis seo ach ní dhéanfaidh sé difear d'easnamh ginearálta an rialtais.	-	-
Gás Nádúrtha mar Bhreosla Iompair Socrófar an ráta dleachta maidir le Gás Nádúrtha agus Bithghás a úsáid mar thiomántán ag an ráta Íosta AE reatha agus seasfaidh an ráta seo ar feadh tréimhse ocht mbliana.		
Cáin Ioncaim Eile		
An Díolúine d'Ealaíontóirí Méadófar an tairseach don díolúine d'ealaíontóirí de €10,000 go €50,000. Leathnófar An Díolúine freisin chuig ealaíontóirí neamhchónaitheacha (i.e. chuig pearsana aonair a bhfuil cónaí nó gnáthchónaí orthu i mBallstát eile nó i Stát LEE eile).	-€0.80	-€0.80
Asbhaint i leith Tuilleamh Coigríche Cuirfear síneadh 3 bliana eile go dtí deireadh na bliana 2017 leis an asbhaint seo agus leathnófar na tíortha cáilitheacha chun an tSile, Meicsiceo agus tíortha áirithe sa Mheán-Oirthear agus san Áise a chur san áireamh. Laghdófar líon na laethanta cáilitheacha thar lear ó 60 go 40, laghdófar an chuairt íosta ar thír go dtí 3 lá agus áireofar am taistil mar chuid den am a chaitear thar lear.	-€1m	-€1m
Clár Faoisimh Sannaí Speisialta Tá síneadh 3 bliana eile go dtí deireadh na bliana 2017 á chur leis an CFSS agus tá an tairseach tuarastail uasta á baint. Tá leasú á dhéanamh ar an gceanglas cónaitheachta ionas nach gá ach cónaitheacht Éireannach agus tá an t-eisiamh oibre	-€1m	-€1m

thar lear á bhaint freisin. Tá an ceanglas maidir le bheith fostaithe thar lear ag an bhfostóir á laghdú go 6 mhí. Tabharfar tuilleadh sonraí sa Bhille Airgeadais. **An Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta** Tá an DFI á leasú chun teorainneacha cuideachta a mhéadú, chun an tréimhse shealbhúcháin a fhadú de 1 bhliain agus chun cuideachtaí meánmhéide i réimsí nach bhfaigheann cúnamh agus seirbhísí airgeadais a thrádáiltear go hidirnáisiúnta a áireamh. Beidh na bearta seo faoi réir cheadú ón gCoimisiún Eorpach. Beidh óstáin, tithe lóistín agus cóiríocht féinfhreastail incháilithe ar feadh 3 bliana eile agus áireofar oibriú agus bainistiú tithe altranais ar feadh trí bliana.	-	-
An Scéim Síolchaipitil Tá an scéim á hathbhrandú mar "Faoiseamh Nua-Thionscnaimh d'Fhiontraithe" (SURE) agus á leathnú chuig pearsana aonair atá dífhostaithe le suas le 2 bhliain. **Faoiseamh i leith Seomra a Ligean ar Cíos** Méadófar an tairseach maidir leis an ioncam díolmhaithe faoin scéim um Sheomra a Ligean ar Cíos go €12,000 in aghaidh na bliana. **Muirir Uisce** Cuirfear faoiseamh cánach de réir ráta 20% ar fáil i leith muirir uisce, suas go uasmhéid €500 in aghaidh na bliana. Is i riaráiste a íocfar an faoiseamh seo. **An Dreasacht Athchóirithe Tí** Leathnófar an DAT chuig maoin ar cíos atá ar úinéireacht ag tiarnaí talún faoi réir cháin ioncaim.	- -€0.4m - -	- -€0.4m -€40m -€3m
CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL		

Dreasacht Ceannaithe Maoine Ní dhéanfar an faoiseamh dreasachta ó CGC (i leith na chéad 7 mbliana úinéireachta) le haghaidh ionaid mhaoine a ceannaíodh idir 7 Nollaig 2011 agus 31 Nollaig 2014 a shíneadh thar an 31 Nollaig 2014. I gcás ina mbeidh an mhaoin a bheidh ceannaithe sa tréimhse sin ar teachtadh ar feadh seacht mbliana ní tharraingeofar CGC ar na gnóchain a thabhófar sa tréimhse sin.	-	-
Cáin Amhantair Cuirfear deireadh ón 1 Eanáir 2015 le forálacha cánach amhantair a tugadh isteach in 2009 faoina bhfuil feidhm ag ráta cánach 80% ar bhrabúis nó ar ghnóchain áirithe ó dhiúscairt talún nó ó fhorbairt talún, i gcás gur brabúis nó gnóchain iad atá inchurtha i leith cinneadh pleanála iomchuí de chuid údaráis pleanála.	-	-

Bearta um Athbhreithniú ar Chánachas Talmhaíochta/ Bearta Feirmeoireachta		
Cáin Ioncaim Na méideanna ioncaim atá díolmhaithe ó léasáil fhadtéarmach a mhéadú de 50% agus an ceathrú tairseach a thabhairt isteach i ndáil le tréimhsí léasála 15 bliana nó níos mó agus ioncam suas le €40,000 á dhíolmhú.	-€1.2m	-€4m
Faoiseamh a cheadú i gcás gur cuideachta an léasaí	-€0.6m	-€2m
Deireadh a chur leis an tairseach 40 bliain d'aois maidir le faoiseamh léasála	-€0.3m	-€1m
Meánú ioncaim a cheadú i gcás go ndéantar éagsúlú ar an bhfeirm	-€0.3m	-€1m
Meánú ioncaim a mhéadú ó 3 bliana go 5 bliana	-€0.9m	-€3m
CBL - Méadú ó 5% go 5.2% ar an Méid Breise ar Ráta Comhréidh Feirmeora Méadófar an méid breise ar ráta comhréidh feirmeora ó 5% go 5.2% le héifeacht ón 1 Eanáir 2015. Faoin scéim ráta comhréidh, tugtar cúiteamh d'fheirmeoirí neamhchláraithe i leith CBL a thabhaítear i ndáil lena n-ionchuir fheirmeoireachta. Déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar an méid breise ar ráta comhréidh de réir Threoir CBL an AE agus leanfar, leis an méadú go dtí 5.2% in 2015, de chúiteamh iomlán a bhaint amach d'fheirmeoirí.	-€10m	-€12m
CGC - Faoiseamh i leith Athstruchtúrú Feirme Tá faoiseamh athstruchtúraithe feirme ar fáil i gcás go ndéantar an chéad idirbheart san athstruchtúrú a thabhairt chun críche (m.sh. díol, ceannach nó	-€2.5m	-€2.5m

malartú talún) faoin 31 Nollaig 2015 agus go ndéantar an t-athstruchtúrú ar fad a thabhairt chun críche laistigh de 24 mhí. Cuirfear síneadh go dtí an 31 Nollaig 2016 leis an sprioc chun an chéad idirbheart athstruchtúrúcháin a thabhairt chun críche. Tá leasú á dhéanamh ar threoirlínte deimhniúcháin Teagasc chun a chumasú athsholáthar iomlán feirme a bheith incháilithe don fhaoiseamh faoi réir coinníollacha, arna leagan amach ag Teagasc, a chomhlíonadh. **Faoiseamh Scoir CGC** Leasófar faoiseamh scoir sa chaoi is go mbeidh talamh atá ar léas ar feadh suas le 25 bliana go hiomlán, (méadaithe ó 15) agus a ndéantar é a dhiúscairt ar deireadh, incháilithe don fhaoiseamh, faoi réir coinníollacha eile. Tá leasuithe á ndéanamh freisin chun socrú a dhéanamh (i gcás diúscairt talún lasmuigh den teaghlach) chun go mbeidh talamh atá ar léas faoi láthair faoi shocruithe conacra a chríochnófar trí dhiúscairt an 31 Nollaig 2016 nó roimhe, nó seachas sin a bheidh léasaithe (roimh an 31 Nollaig 2016) ar feadh tréimhsí íosta 5 bliana suas go dtí tréimhse uasta 25 bliana agus a chríochnófar trí dhiúscairt, incháilithe freisin d'fhaoiseamh scoir CGC, faoi réir coinníollacha eile. **CÁIN FHÁLTAS CAIPITIÚIL** **Faoiseamh Talmhaíochta CFC** Tabharfar athruithe isteach chun díriú ar fhaoiseamh talmhaíochta CFC d'fheirmeoirí gníomhacha. Ón 1 Eanáir 2015, agus faoi réir coinníollacha eile, ní bheidh faoiseamh ar fáil ach amháin i leith maoin talmhaíochta a thugtar mar bhronntanas d'fheirmeoirí gníomhacha nó a	- -€0.5m +€2.5m	- -€0.5m +€3.5m

fhaigheann siad le hoidhreacht nó a thugtar mar bhronntanas do dhaoine aonair nach feirmeoirí gníomhacha iad nó a fhaigheann siad le hoidhreacht ach a léasaíonn an mhaoin ar bhonn fadtéarmach le haghaidh úsáid talmhaíochta le feirmeoirí den chineál sin. **Dleacht Stampa ar Léasanna Talmhaíochta** Beidh léasanna talmhaíochta de thréimhse idir 5 bliana agus 35 bliana le feirmeoirí gníomhacha díolmhaithe ó Dhleacht Stampa. **Faoiseamh maidir le Gaol Fola** Tá an faoiseamh maidir le gaol fola, a bhaineann le maoin nach maoin chónaithe a aistriú chuig gaolta áirithe, le dul in éag an 31 Nollaig 2014. Is faoiseamh é seo lena ndéantar an ráta infheidhme Dleacht Stampa a ghearradh de leath. Cuirfear síneadh trí bliana, in imthosca áirithe, leis an bhfaoiseamh seo i gcás go bhfuil an t-aistreoir 65 bliana nó níos óige agus gur feirmeoir gníomhach an t-aistrí.	-€0.1m -€2m	-€0.1m -€2m
Cáin Chorparáide **Creidmheas Cánach Taighde & Forbartha** Baineann an creidmheas cánach 25% leis an méid caiteachais T&F incháilithe a thabhaíonn cuideachta in aon bhliain amháin agus atá de bhreis ar an méid a caitheadh in 2003. Tá deireadh á chur le srian na bonnbhliana 2003 ón 1 Eanáir 2015. **Faoiseamh 3 Bliana do Chuideachtaí Nua-Thionscanta**	-€50m	-€50m

Faoin mbeart seo beidh faoiseamh ó cháin chorparáide ar ioncam trádála (agus ar ghnóchain chaipitil áirithe) le fáil ag cuideachtaí nua-thionscanta sna chéad 3 bliana trádála. Tá an faoiseamh seo á leathnú chuig gnónna nua-thionscanta in 2015 agus déanfar athbhreithniú ar oibriú an bhirt seo in 2015	-€2m	-€2m
Liúntais Chaipitiúla chun Sócmhainní Doláimhsithe Sonraithe a Sholáthar Faoin mbeart seo, cuirtear liúntais chaipitiúla ar fáil i ndáil le caiteachas a thabhaíonn cuideachta ar shócmhainní áirithe doláimhsithe a sholáthar lena n-úsáid i dtrádáil. Tá úsáid liúntas den chineál sin in aon tréimhse chuntasaíochta ar leith srianta go huasmhéid 80% den ioncam trádála ón trádáil iomchuí ina n-úsáidtear na sócmhainní a ceannaíodh. Cuirfear deireadh leis an srian 80% ar liúntais chomhiomlán (agus ar aon chostas úis a thabhaítear ar iasachtaí chun an caiteachas a mhaoiniú).	-€12m	-€27m
Liúntais Chaipitiúla Luathaithe i leith Trealaimh atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh de Is beart é seo lena ndreasófar cuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de. Bhí an beart seo le dul in éag ag deireadh 2014 ach i ndiaidh athbhreithniú ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha tá síneadh á chur leis go dtí deireadh na bliana 2017.	-€1m	-€1m

Cáin Choinneála ar Ús Taisce **Faoiseamh CCÚT do Cheannaitheoirí Céaduaire** Faoiseamh i leith CCÚT ar choigiltis a úsáideann ceannaitheoirí céaduaire tí in aghaidh éarlais ar áit chónaithe.	-€2.8m	-€2.8m